



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Creata Rialachais

Meitheamh 2016



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Clár Ábhar

1. Réamhrá	1
2. Forbhreathnú ar an Údarás Póilíneachta	1
3. Róil agus sannadh freagrachtaí	8
4. Struchtúir Bhainistíochta agus Rialachais	14
5. Socruithe Iniúcháireachta, Dearbhaithe agus Comhlíonta	17
6. Eintitis a bhfuil caidreamh díreach ag an Údarás leo	19
Aguisín 1 – Cairt Eagrúcháin	20
Aguisín 2 – Creat Dearbhaithe	21
Aguisín 3 – Liosta de na príomhdhualgais reachtúla nó chomhlíonta	22
Aguisín 4 – Tuairisciú seachtrach agus cuntasacht sheachtrach	23

1. Réamhrá

Tá dea-Rialachas Corparáideach tábhachtach don Údarás mar go gcabhraíonn sé leis a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go rathúil le hionracas. Déantar cur síos sa chreat Rialachais Chorparáidigh seo ar na struchtúir, ar na beartais agus ar na próisis atá i bhfeidhm san Údarás chun na dualgais sin a chomhlíonadh agus déantar soláthar ann do mheasúnú oibiachtúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an lucht bainistíochta agus ar an bhfeidhmíocht chorparáideach.

Agus an creat á fhorbairt aige, thug an tÚdarás aird ar roinnt prionsabail uileghabhálacha atá leagtha amach in *“International Framework: good Governance in the Public Sector”* mar seo a leanas:

- Le dea-rialachas, tacaítear le cultúr agus le héiteas lena gcinntítear iompar lena mbaineann ionracas, tiomantas láidir do luachanna eiticíúla agus meas ar fhorlámhas an dlí.
- Le dea-rialachas, cabhraítear le tosaíochtaí agus le torthaí a shainiú maidir le tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha agus sóisialta agus lena fháil amach cé na beartais agus na hidirghabhálacha a theastaíonn chun baint amach na dtosaíochtaí agus na dtorthaí sin a bharrfheabhsú. Is éard atá i gceist leis sin dea-chleachtais a chur chun feidhme maidir le trédhearcacht, le tuairisciú, le cumarsáid, le hiniúcháireacht agus le hiniúchadh chun cuntasacht éifeachtach a sholáthar.
- Is éard atá i gceist le dea-rialachas ná acmhainn an Údaráis a fhorbairt, lena n-áirítear acmhainn na foirne ceannaireachta, an lucht bainistíochta agus na mball foirne.
- Is éard atá i gceist le dea-rialachas ná rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha bhainistíocht feidhmíochta.
- Le dea-rialachas, cinntítear oscailteacht, próisis éifeachtacha chomhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht chuimsitheach le geallsealbhóirí sa tír seo agus i dtíortha thar lear.¹

2. Forbhreathnú ar an Údarás Póilíneachta

Comhlacht neamhspleách reachtúil is ea an tÚdarás Póilíneachta (‘an tÚdarás’) agus bunaíodh é an 1 Eanáir 2016. Is é ár sainchúram maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta, feasacht an phobail ar ábhair phóilíneachta a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do na feabhsuithe leanúnacha ar an bpóilíneacht in Éirinn agus iad a chur chun cinn. Is é Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015 lena leasaíodh Acht an Gharda Síochána 2005 an bonn reachtúil leis an Údarás. Is é Acht an Gharda Síochána 2005 (‘an tAcht’) an reachtaíocht phríomhúil faoina bhfeidhmíonn an tÚdarás. Dá bhrí sin, tá sé ar an bpríomhionstraim bhunúsach maidir le rialachas an Údaráis.

¹ Luaitear na prionsabail seo a leanas ón International Framework: Good Governance in the Public Sector (IFAC, CIFPA 2014) i gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe


2.1. Fís, Misean agus Luachanna

Cuirtear Fís, Misean agus Luachanna an Údaráis in iúl ina Ráiteas Straitéise do 2016-2018.

Is é **an Fhís atá againn** sochaí a bhaint amach ar a bhfreastalaíonn eagraíocht póilíneachta atá gairmiúil agus neamhchlaon, a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

Is é **an Misean atá againn** obair shármhaith póilíneachta a bhrú chun cinn trí mhaoirseacht agus trí rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu.

Na Luachanna atá againn



Na Luachanna atá againn

2.2. Iompraíochtaí agus Cultúr

D'fhonn comhlíonadh rathúil ár misin agus ár gcuspóirí a chinntiú, tá sé ríthábhachtach go leanaimid ar aghaidh ag tabhairt go réamhghníomhach faoi chultúr a ndéanann ár luachanna comhroinnte eolas dó a chothú agus a choinneáil ar bun. Ba cheart go n-áireofaí leis sin na luachanna sin atá leagtha amach i gCóid Státseirbhíse agus i gcreataí ábhartha eile reachtaíochta agus rialála. Tá ról le himirt ag gach leibhéal den Údarás agus den eagraíocht i ndea-rialachas corparáideach a chur chun cinn.

Cinntimid ina leith sin go bhfuil comhaltaí agus baill foirne an Údaráis eolach ar ár luachanna agus ar na hiompraíochtaí a theastaíonn chun iad a réadú. Táthar ag súil go dtacóidh lucht bainistíochta agus baill foirne na heagraíochta leis na luachanna comhroinnte agus go gcloífidh siad leis an gcreat rialachais de réir bheartais an Údaráis agus bheartais na mór-Státseirbhíse. Tugtar eolas iomlán do bhaill foirne faoi na ceanglais agus dáiltear na beartais, nósanna imeachta agus ciorcláin chorparáideacha agus státseirbhíse maidir le hiompar agus le rialachas orthu. Áirítear na nithe seo a leanas leo sin:

- An Cód Iompair don Údarás;
- Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse – Tugtar cóip den chód do gach ball foirne. Caithfidh siad a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil sé léite acu. Tarraingítear aird na mball foirne ar cheanglais an chóid nuair is cuí;
- Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 – Eisítear fógra bliantúil chuig na baill foirne ábhartha i dtaca le ráitis ar leasanna a chur isteach agus coinnítear clár cothrom le dáta in Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh;
- Ceanglais rúndachta (i.e. na ceanglais rúndachta a leagtar síos in Alt 62M den Acht agus na ceanglais rúndachta a leagtar síos san Acht um Rúin Oifigiúla);
- An beartas maidir le Nochtadh Cosanta / Labhairt Amach; agus
- An reachtaíocht um Brústocaireacht a Rialáil.

2.3. Struchtúr Eagrúcháin

An tÚdarás

Tá naonúr comhaltaí den Údarás (“Comhaltaí”) ann mar a leagtar síos san Acht. Cuimsíonn siad an Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí. Foilsítear ainm [na Comhaltaí](#) agus beathaisnéis achomair orthu ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Bíonn comhaltaí i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach mó ná ceithre bliana agus féadfar iad a athcheapadh le haghaidh téarma amháin sa bhreis. Is ann d'fhoráil shonrach san Acht do cheathrar Comhaltaí a cheapadh ar feadh tréimhse trí bliana ionas go gcéimneofaí athcheapacháin sa todhchaí, rud a choimeádfadh taithí agus eolas an Údaráis.² Foráiltear leis an Acht do chothromaíocht inscne i measc chomhaltaí an Údaráis. Tuilleadh sonraí faoin gcomhaltas agus faoi chritéir le haghaidh ceapadh, eolas, taithí agus téarmaí agus coinníollacha Comhaltaí, leagtar amach iad in Ailt 62C – 62G den Acht.

Is é an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) faoi na [‘Treoirlínte do Cheapacháin chuig Boird Stáit’ \(2014\)](#) a dhéanann bainistiú ar shainathint na ndaoine atá oiriúnach dá gceapadh mar Chomhaltaí. Tar éis an phróisis sin, d’ainmnigh an Rialtas an chéad Chathaoirleach agus na Comhaltaí sular bunaíodh an tÚdarás agus, de réir na reachtaíochta, b’amhlaidh go raibh siad ceaptha ar an lá ar ar bunaíodh an tÚdarás. Beidh sé riachtanach i gceapacháin amach anseo (gan athcheapacháin a áireamh) go rithfear rúin sa dá Theach den Oireachtas lena molfar iad. Ní fhéadfar Comhaltaí a chur as oifig ach sa chás go ritear rún sa dá Theach den Oireachtas lena n-iarrtar cur an Chomhalta as oifig.

An Príomhfheidhmeannach³

Is é an tÚdarás, le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (“an tAire”) agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a cheapann an Príomhfheidhmeannach. Roghnaíodh an chéad Phríomhfheidhmeannach trí chomórtas ar reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí é agus d’ainmnigh an tAire é roimh bhunú an Údaráis sular cheap an tÚdarás go foirmiúil é tar éis a bhunaithe.

An fhoireann ardbhainistíochta agus an fhoireann

Beidh Foireann Ardbhainistíochta ag an Údarás a bheidh i gceannas ar cheithre rannóg oibríochtúla mar seo a leanas:

- Maoirseacht ar Fheidhmíocht Póilíneachta;
- Cumarsáid agus Ceapacháin;
- Cúrsaí Dlí agus Rialachas; agus
- Seirbhísí Corparáideacha.

Státseirbhísigh de chuid an Stáit iad baill foirne an Údaráis agus tá cead tugtha don Údarás ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 35 bhall foirne ar a mhéad a fhostú. Tá cairt eagrúcháin curtha ar áireamh in Aguisín 1. Beidh sí faoi réir athruithe leanúnacha de réir mar a fhorbraíonn an tÚdarás a shainchúram.

² Alt 62E (2) den Acht

³ Alt 62P den Acht

2.4. Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht agus Bainistíocht Feidhmíochta

Is é an tÚdarás a sholáthraíonn an treo straitéiseach don eagraíocht. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas pleanála straitéisí ná Ráiteas Straitéise a ullmhú gach trí bliana, rud a chuirtear faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Forbraítear an Ráiteas Straitéise tar éis don Údarás breithniú mion a dhéanamh ar a thimpeallacht, lena n-áirítear a fheidhmeanna, a luachanna, a gheallsealbhóirí, a sheasamh straitéiseach agus na rioscaí a mbeifear ag dul i ngleic leo. Tá comhairliúchán poiblí i gceist leis an bpróiseas freisin.

Leagtar amach sa ráiteas sin fíis, misean agus luachanna, príomhchuspóirí, príomh-aschuir, príomhthorthaí agus príomhstraitéisí gaolmhara agus príomhtháscairí gaolmhara feidhmíochta an Údaráis, lena n-áirítear an úsáid is tairbhiúla agus is éifeachtúla is féidir a bhaint as a chuid acmhainní. A luaithe is atá sé formheasta ag an Údarás, cuirtear an Ráiteas Straitéise faoi bhráid an Aire, duine a leagann cóip de roimh an dá Theach den Oireachtas a luaithe is indéanta.

Léireofar gealltanais agus gníomhartha beartaithe na straitéise i bplean bliantúil gnó eagraíochta, rud eile a bhformheasfaidh an tÚdarás é gach bliain. Beidh an plean bliantúil gnó ar an mbonn d'obair an Choiste Feidhmiúcháin agus beidh an cur chun feidhme agus an faireachán a dhéanfar air ina gcuid lárnach den mheasúnú a dhéanfar ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne ar fad.

Is é an tÚdarás agus an Fhoireann Ardbhainistíochta a dhéanfaidh faireachán ar chur chun feidhme an Ráitis Straitéise tríd an bPlean Bliantúil Gnó. Déanfaidh siad amhlaidh trí thuairiscí rialta a thabhairt ar an dul chun cinn agus trí athbhreithnithe foirmiúla a dhéanfar dhá uair sa bhliain ar fheidhmíocht in aghaidh na spriocanna socraithe. Deartar an próiseas pleanála gnó sa dóigh is go bhfuil sé solúbtha agus in-oiriúnaithe chun freastal ar riachtanais athraitheacha agus ar chúinsí athraitheacha de réir mar a thagann siad chun cinn.

Cuirtear Pleanáil Ghnó in iúl don duine aonair tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF). Comhaontófar próifílí róil faoin gcóras sin le haghaidh gach baill den fhoireann ar bhonn bliantúil. Tugtar breac-chuntas sa phróifíl róil ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí an bhaill foirne aonair agus ar a ionchur aonair i mbaint amach chuspóirí gnó an aonaid agus na mór-eagraíochta. Socraíonn gach duine aonair spriocanna bliantúla agus déantar athbhreithniú gach sé mhí ar an bhfeidhmíocht i dtaca le baint amach na spriocanna sin.

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ardbhainistíochta cur chun feidhme ar aon chinntí a dhéanann an tÚdarás agus bainisteoidh siad na hoibríochtaí ar aon dul leis an Ráiteas Straitéise formheasta agus leis na Pleananna Bliantúla Gnó. Beidh siad freagrach freisin as oibriú éifeachtach na bainistíochta feidhmíochta san eagraíocht.

2.5. Socruithe cumarsáide inmheánaí

Cuid lárnach d'oibriú éifeachtach na heagraíochta agus dá forbairt éifeachtach is ea córas cumarsáide inmheánaí atá oscailte, réamhghníomhach, comhoibríoch agus comhsheasmhach. Ós rud é gur oifig bheag í, is féidir dul i mbun cumarsáid le baill foirne ar bhonn leanúnach maidir le gach gné dá gcuid oibre agus maidir leis na hábhair agus na forbairtí ábhartha eagraíochta go léir. Déantar an chumarsáid sin ar bhealaí éagsúla, idir bhealaí foirmiúla agus bhealaí neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear cruinnithe foirne, ríomhphoist, cruinnithe aonair agus an CBFF.

De réir mar a fhorbraímid, cuirfear Beartas Cumarsáide Inmheánaí i bhfeidhm chun cumarsáid chomhtháiteach chomhsheasmhach a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh ar fud na heagraíochta ar bhealach atá éifeachtach, dea-chomhordaithe agus freagrúil.

2.6. Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí seachtracha

Ceann amháin d'fheidhmeanna an Údaráis faoi Acht 2005 is ea a chinntiú go dtugtar faisnéis faoina fheidhmeanna don phobal agus “feasacht an phobail a mhéadú ar ábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta”.⁴ Bunluach de chuid an Údaráis is ea “Éisteacht le daoine” agus tá sé beartaithe go rachfar i ndáil chomhairle leis an bpobal agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile, amhail comhchoistí póilíneachta agus an tsochaí shibhialta, chun oscailteacht agus trédhearcacht a chinntiú i ngach gné dár gcuid oibre.

Déantar an rannpháirtíocht agus an chumarsáid le geallsealbhóirí ar fud oibríochtaí laethúla agus ar bhealach níos struchtúrtha freisin, lena n-áirítear, mar shampla, cruinnithe a chuirtear ar siúl go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána⁵, cláir oibre fhoilsithe agus miontuairiscí cruinnithe foilsithe, suíomh Gréasáin an Údaráis agus tionscadail agus tionscnaimh aonair de chuid an Údaráis.

Is iad an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach na hurlabhraithe oifigiúla don Údarás. Féadfaidh siad, más cuí leo, duine eile a ainmniú le haghaidh ráiteas poiblí a thabhairt i dtaobh ábhar sonracha atá comhsheasmhach le seasamh an Údaráis. Is i Rannán 11 a phléitear leis an ábhar sin go sonracha sa [Chód Iompair](#) agus tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Is é an Fhoireann Ardbhainistíochta, faoi stiúir ag an bPríomhfheidhmeannach, a dhéanfaidh an ghnáth-rannpháirtíocht sheachtrach ar fad faoina dtabharfaidh an tÚdarás.

2.7. Athbhreithniú ar éifeachtacht an chreata

Athbhreithneofar a éifeachtaí atá rialachas i gcomhthéacs na nithe seo:

⁴ Alt 62H (d)

⁵ Foráiltear le hAlt 62J (3) go “[bhféadfaidh] baill den phobal freastal, agus go dtabharfar cead do na meáin chumarsáide taifeadadh agus craoladh a dhéanamh, ar líon nach lú ná ceithre chruinniú de chuid an Údaráis le Coimisinéir an Gharda Síochána gach bliain.”

- Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuiltear ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Maoirseacht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, a mheasúnaíonn a éifeachtaí atá an timpeallacht rialaithe inmheánaigh, i measc nithe eile;
- Maoirseacht iniúcháireachta inmheánaí;
- An t-iniúchadh a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar an gCuntas Leithreasa; agus
- An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais a shíníonn an tOifigeach Cuntasaíochta mar chuid den Chuntas Leithreasa Bliantúil.

Ina theannta sin, déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an gcreat rialachais foriomlán chun a chinntiú go bhfuil sé éifeachtach agus go bhfuil an Creat Rialachais á chothabháil agus á choinneáil cothrom le dáta.

3. Ról agus sannadh freagrachtaí

3.1. Feidhmeanna an Údaráis

Mar a luadh cheana, is é an tAcht an ionstraim bhunúsach le haghaidh rialachas an Údaráis Is é ról uileghabhálach an Údaráis maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta. Áirítear na nithe seo le feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais an Údaráis mar atá leagtha amach san Acht:

- Tosaíochtaí agus leibhéil feidhmíochta a shocrú don Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta;
- An Ráiteas Straitéise agus an Plean Póilíneachta Bliantúil arna chur isteach ag Coimisinéir an Gharda Síochána a fhormheas;
- Na nithe seo a choinneáil faoi athbhreithniú:
 - an dóigh a bhfuil an Garda Síochána ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus na socruithe agus na straitéisí atá i bhfeidhm chun comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a chur ar aghaidh agus a bhreisiú;
 - a leorga atá:
 - na socruithe agus struchtúir rialachais chorparáidigh laistigh den Gharda Síochána;
 - na socruithe le haghaidh na baill agus na baill foirne is sibhialtaigh den Gharda Síochána a earcú, a oiliúint agus a fhorbairt;
 - na meicníochtaí atá i bhfeidhm sa Gharda Síochána le haghaidh feidhmíocht agus cuntasacht na mball agus na mball foirne a mheas; agus
 - na socruithe le haghaidh na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána a bhainistiú agus a úsáid ar mhaithe lena chinntiú go n-úsáidfear na hacmhainní sin ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla;
- Cruinnithe rialta a reáchtáil le Coimisinéir an Gharda Síochána, a ndéanfar 4 cinn díobh ar a laghad a chur ar siúl go poiblí gach bliain agus a bhféadfar na meáin iad a chraoladh;
- Freagracht as:
 - daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas chuig post Choimisinéir an Gharda Síochána agus chuig post Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, tar éis próiseas roghnúcháin arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, agus a gcur as oifig a mholadh i gcúinsí áirithe;
 - daoine a cheapadh chuig céim an Cheannfoirt, céim an Ard-Cheannfoirt agus céim an Choimisinéara Chúnta sa Gharda Síochána (agus iad a chur as oifig ar chúiseanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta);

- na baill foirne is sibhialtaigh den Gharda Síochána a cheapadh chuig gráid atá coibhéiseach le grád an Ard-Cheannfoirt nó os a chionn.
- Cód Eitice de chuid an Gharda Síochána a bhunú laistigh de 12 mhí tar éis bhunú an Údaráis;
- Treoirlínte a eisiúint chuig Údaráis Áitiúla agus chuig Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le bunú agus cothabháil na gComhchoistí Póilíneachta (JPCanna) agus cruinnithe le cathaoirligh na gComhchoistí Póilíneachta a ghairm chun críche comhlíonadh a gcuid feidhmeanna a chomhordú nó a éascú;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar na prionsabail phóilíneachta agus ar fheasacht an phobail ar ábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus feabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát a chur ar aghaidh;
- Cabhrú le tionscadail taighde nó iad a dhéanamh nó a choimisiúnú i dtaca le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a d’fhéadfadh na nithe seo a dhéanamh, i dtuairim an Údaráis:
 - feabhas ar chaighdeán do na hábhair sin agus feasacht an phobail orthu a chur chun cinn; nó
 - cur le laghdú ar an líon gearán a bhítear ag déanamh in aghaidh ball den Gharda Síochána i dtaca leis na hábhair sin.
- É féin a choinneáil ar an eolas go ginearálta faoi na nithe seo:
 - gearáin a dhéantar in aghaidh ball den Gharda Síochána agus cur i bhfeidhm na Rialachán Araíonachta; agus
 - treochtaí agus patrúin sna coireanna a dhéantar;
- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta a dhéanann an Garda Síochána i dtaca le moltaí a dhéantar i dtuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána agus tuairisc a thabhairt don Aire ar na bearta sin; agus
- Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil don Aire maidir le raon saincheisteanna, lena n-áirítear:
 - Na hacmhainní ar dóigh dóibh a bheith ag teastáil ón nGarda Síochána le go mbeidh sé in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh i ngach bliain airgeadais le teacht;
 - forbairtí i dtaca le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí a dhéanamh chun cabhrú leis an Aire beartas ina leith a chomhordú agus a fhorbairt; agus
 - an dea-chleachtas póilíneachta.

3.2. Ról agus freagrachtaí an Údaráis

Is é ról an Údaráis:

- ceannaireacht, fíis agus treo straitéiseach a chur ar fáil laistigh de chreat láidir comhlíonta inmheánaigh lena féidir rioscaí a mheasúnú agus a bhainistiú;
- treo, léargas, saoiúilacht agus breithiúnais a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach agus don Fhoireann Ardbhainistíochta;
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh;
- a chinntiú go mbaintear cothromaíocht chuí amach idir ról an Údaráis, an Chathaoirligh agus an Choiste Feidhmiúcháin faoi seach;
- beartais an Údaráis a bhreithniú agus a chinneadh;
- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais sin ach an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Ardbhainistíochta a choinneáil cuntasach as feidhmíocht na heagraíochta maidir le freagrachtaí reachtúla, Ráiteas Straitéise agus Pleananna Bliantúla Gnó an Údaráis;
- spriocanna feidhmíochta, lena n-áirítear príomhspríocanna airgeadais, a shocrú, agus an buiséad a chomhaontú agus faireachán a dhéanamh air go háirithe; agus
- a chinntiú go n-iompraíonn an tÚdarás go heiticiúil agus ar bhealach a thagann lena bhunluachanna.

Coistí an Údaráis

Féadfaidh an tÚdarás Coistí a bhunú chun cabhair a thabhairt dó agus comhairle a chur air i dtaca le comhlíonadh a fheidhmeanna⁶. Um an dtaca seo, bunaíodh ceithre Choiste dá leithéid mar seo a leanas, agus cathaoirleacht á déanamh ar gach ceann díobh ag Comhalta:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- An Coiste Ceapachán;
- An Coiste Eitice; agus
- An Coiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta.

3.3. Ról agus freagrachtaí an Chathaoirligh

Faoi mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá an Cathaoirleach freagrach as:

- clár oibre an Údaráis a shocrú agus a chinntiú go ndíríonn sé ar shaincheisteanna straitéiseacha;

⁶ Alt 62K den Acht

- caidreamh éifeachtach a bheith aige leis an Aire agus an tAire a choinneáil ar an eolas faoi ábhair a thagann aníos i dtaca leis an Údarás;
- cultúr oscailteachta agus plé a chur chun cinn ach ionchur éifeachtach na gComhaltaí a éascú agus caidreamh cuiditheach idir Comhaltaí agus an Coiste Feidhmiúcháin a chinntiú;
- cuspóirí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha feidhmíochta an Phríomhfheidhmeannaigh a chomhaontú agus a mhaoirsiú agus forbairt ghairmiúil an Phríomhfheidhmeannaigh a éascú;
- a chinntiú go bhfaigheann na Comhaltaí faisnéis atá cruinn, tráthúil agus soiléir; agus
- cumarsáid éifeachtach le geallsealbhóirí a chinntiú.

3.4. Ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Ról agus freagrachtaí ginearálta

Leagtar amach san Acht roinnt freagrachtaí sonracha atá ar an bPríomhfheidhmeannach, go háirithe go bhfuil ceangal ar an bPríomhfheidhmeannach:

- Beartais agus cinntí an Údaráis a chur chun feidhme;
- Foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú go ginearálta; agus
- Aon feidhmeanna eile (más ann) a d'fhéadfadh an tÚdarás a éileamh nó a d'fhéadfaí a údarú faoin Acht a chomhlíonadh.⁷

Tá an Príomhfheidhmeannach i dteideal labhairt agus comhairle a thabhairt ag cruinniú ar bith de chuid an Údaráis nó de chuid Coiste a bhfreastalaíonn sé air.⁸

Tá ceangal ar an bPríomhfheidhmeannach an fhaisnéis sin, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Údarás i dtaca le comhlíonadh a feidhmeanna a chur ar fáil don Údarás.⁹

Agus na feidhmeanna reachtúla sin á gcomhlíonadh aige, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as:

- eagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach agus fhreagrúil a thógáil agus a fhorbairt go réamhghníomhach;
- a chinntiú go gcomhlíontar na dualgais reachtúla go léir a bhaineann leis an eagraíocht;
- beartais a fhorbairt agus straitéisí oiriúnacha a cheapadh agus a chur chun feidhme lena mbreithniú ag Comhaltaí;

⁷ Alt 62.O(6)

⁸ Alt 62. O (8)

⁹ Alt 62 O (9)

- beartais agus cinntí an Údaráis a chur chun feidhme;
- baill foirne na heagraíochta agus a fhorbairt;
- tabhairt faoi bhainistíocht airgeadais agus riarachán na heagraíochta ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí ó thaobh costais de;
- a chinntiú go gcloíonn an eagraíocht le gach ceann de na rialacha, na rialacháin agus na beartais rialtais, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le soláthar, le cúrsaí airgeadais agus le sláinte agus sábháilteacht;
- tuairisc a thabhairt don Údarás ar a oibríochtaí agus comhairle a chur air ina leith;
- timpeallacht oibre atá dearfach, cothrom, folláin agus sábháilte a chinntiú don fhoireann;
- Rioscaí a bhainistiú (i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí), lena n-áirítear an tÚdarás a choinneáil ar an eolas go cuí.
- ardchaighdeán cumarsáide a choinneáil leis an Údarás; agus
- aon fheidhmeanna eile a d'fhéadfadh an tÚdarás a éileamh nó atá údaraithe faoin Acht a chomhlíonadh.

An Ról mar Oifigeach Cuntasaíochta

Foráiltear in Alt 62R d'Acht an Gharda Síochána 2005 (arna leasú) gurb é an Príomhfheidhmeannach an t-oifigeach cuntasaíochta i dtaca le cuntais leithreasa an Údaráis chun críocha Achtanna an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998.

Tá sé freagrach mar Oifigeach Cuntasaíochta as:

- cistí poiblí agus maoin phoiblí faoina rialú a chosaint;
- rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart go léir i ngach Cuntas Leithreasa ar a bhfuil a shíniú;
- éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin san Údarás;
- an Cuntas Leithreasa Bliantúil a shíniú;
- Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais a shíniú ina dtugtar dearbhú faoin timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais atá i bhfeidhm san eagraíocht.

Tugtar aird ar leith sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais ar an timpeallacht rialaithe airgeadais, ar an gcreat riaracháin, ar thuairisciú an lucht bainistíochta agus ar rialú inmheánach. Áirítear leis ráiteas ar chomhlíonadh na dtreoirínte soláthair agus na gcioclán a bhaineann leis an úsáid éigeantach as creat-chomhaontuithe agus as creatchonarthaí.

Is féidir sonraí iomlána faoin ról agus faoi na freagrachtaí a léamh sa [Mheabhrán d'Oifigigh Chuntasaíochta](#) agus sa [Lámhleabhar um Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí](#).

3.5. Ról agus freagrachtaí na Foirne Ardbhainistíochta

Beidh an Fhoireann Ardbhainistíochta comhdhéanta de Cheann gach Rannóige oibríochtúla agus den Phríomhfheidhmeannach. Mar atá leagtha amach in Aguisín 1, is mar seo a leanas atá na ceithre rannóg oibríochtúla faoi láthair:

- Maoirseacht ar Fheidhmíocht Póilíneachta;
- Cumarsáid agus Ceapacháin;
- Cúrsaí Dlí agus Rialachas; agus
- Seirbhísí Corparáideacha.

Déanfaidh Ceann gach Rannóige:

- Forbairt agus soláthar fheidhmeanna a Rannóige a threorú agus a bhainistiú agus treo straitéiseach a chur ar fáil ina leith;
- A bheith ina bhall d'Fhoireann Ardbhainistíochta an Údaráis agus cur le forbairt agus cur chun feidhme straitéisí agus phleananna an Údaráis;
- Tacú leis an bPríomhfheidhmeannach maidir le heagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach agus fhreagrúil a thógáil agus a fhorbairt go réamhghníomhach;
- Tacú leis an bPríomhfheidhmeannach maidir leis an Údarás Póilíneachta a thógáil, a chothabháil agus a fhorbairt trí scileanna casta ceannaireachta straitéisí agus trí bhainistíocht shofaisticiúil caidrimh i dteannta a chéile;
- Forbairt a dhéanamh ar acmhainn an Údaráis feidhmiú go héifeachtach ach baill foirne a bhainistiú, a mhaoirsiú agus a fhorbairt;
- Uirlisí agus teicnící cuí a úsáid chun buntacú le feidhmeanna an Údaráis chun críche tacaíocht éifeachtach a thabhairt dá ról i bhforbairt beartais, i gceannródaíocht agus i bpleanáil; agus
- Comhlíonadh a dhéanamh ar aon dualgais agus aon fhreagrachtaí eile a d'fhéadfadh an Príomhfheidhmeannach agus/nó an tÚdarás a shannadh ó am go chéile.

4. Struchtúir Bhainistíochta agus Rialachais

4.1. An tÚdarás

Foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh an tÚdarás a nósanna imeachta féin a chinneadh¹⁰ faoi réir an Achta. Go deimhin, rialaítear leis an Acht é féin gnéithe áirithe den ghnó a bhaineann le cruinnithe de chuid an Údaráis agus a Choistí. Agus na nósanna imeachta trína ndéanann sé a ghnó á chinneadh aige, ghlac an tÚdarás Buan-Orduithe agus Cód Iompair. Tá an dá rud sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Soláthraíonn an tÚdarás ina ról rialachais an creat le haghaidh cinntí a dhéanann baill foirne a gcuirtear de chúram orthu sainchúram an Údaráis a chomhlíonadh. Chuige sin, d'fhormheas an tÚdarás scéim tarmiligin ina dtugtar sonraí faoi ábhair a cuireadh de chúram ar an Údarás.

Tá an Cathaoirleach ag gníomhú mar Chathaoirleach Feidhmiúcháin agus tá sé ag obair ó oifig an Údaráis le linn chéim forbartha an Údaráis chun an caidreamh is fearr is féidir a éascú idir an Coiste Feidhmiúcháin agus an tÚdarás.

4.2. Coistí

Tá Téarmaí Tagartha ar fhorhmeas an tÚdarás iad ag Coistí ar chuir an tÚdarás ar bun iad. Áireofar leis na Téarmaí Tagartha sin ar a laghad comhdhéanamh agus comhaltas an Choiste, a shainchúram, a fhreagracht as tuairisc a thabhairt don Údarás agus an tréimhse ama le haghaidh a chuid oibre. Tá na téarmaí tagartha do na Coistí a luaitear thuas foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Buanmhír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Údaráis is ea an t-eolas is deireanaí a fháil ó Choistí. Cuireann Cathaoirleach gach Coiste an t-eolas is deireanaí ar obair an Choiste ar fáil don Údarás ó bhéal.

Cuirtear acmhainn rúnaíochta ar fáil do gach Coiste agus coinníonn Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas faoi obair ar bith a bhféadfadh go mbeadh tuilleadh acmhainní ag teastáil uaithe.

4.3. An Fhoireann Ardbhainistíochta

Is é ról an Choiste Feidhmiúcháin beartais agus cinntí an Údaráis a chur chun feidhme. De bhreis air sin, is é ról an Choiste Feidhmiúcháin an tÚdarás a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha (lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha) agus tacú le hobair an Údaráis ach tacaíocht agus saineolas ábhartha a chur ar fáil i dtaca le forbairt beartais ag leibhéal an Údaráis agus ag leibhéal na gcoistí araon.

Rud tábhachtach maidir le forbairt acmhainn an Údaráis a bheidh i méid agus saineolas an Choiste Feidhmiúcháin a fhorbairt. Imreoidh an Príomhfheidhmeannach agus na

¹⁰ Alt 62J (11) den Acht

comhaltaí eile den Fhoireann Ardbhainistíochta ról lárnach san fhorbairt sin. Anuas ar acmhainn an Choiste Feidhmiúcháin a mhéadú, bainfidh ríthábhacht le cumarsáid éifeachtach agus dea-shreabhadh faisnéise a chinntiú idir an Coiste Feidhmiúcháin agus an tÚdarás maidir le forbairt fhadtéarmach an Údaráis agus forbairt fhadtéarmach an Choiste Feidhmiúcháin araon.

Is leagtha amach sa tábla thíos atá na nósanna imeachta agus na tionscnaimh chun cuntasacht agus dearbhú ón gCoiste Feidhmiúcháin a chur ar fáil don Údarás.

Nós Imeachta / Tionscnamh	Cuntasacht do:
Ullmhóidh an fhoireann bhainistíochta plean bliantúil gnó eagraíochta agus formheasfaidh an tÚdarás é gach bliain.	<i>An tÚdarás</i>
Ullmhóidh an tÚdarás buiséad bliantúil lena fhorpheas i gcomhar leis an bhFoireann Ardbhainistíochta.	<i>An tÚdarás</i>
Beidh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta do bhaill foirne ceangailte go díreach leis an bplean bliantúil gnó eagraíochta.	<i>An tÚdarás agus an Príomhfheidhmeannach</i>
Cuirfear Córas Bainistíochta Riosca éifeachtach chun feidhme agus bainistíocht riosca á cur ar áireamh mar bhuanmhír ar an gclár cruinnithe ag cruinnithe de chuid an Údaráis agus de chuid na Foirne Ardbhainistíochta.	<i>An tÚdarás agus an Príomhfheidhmeannach</i>
Gach mí, cuirfidh an Príomhfheidhmeannach tuairisc oibriúcháin i scríbhinn i láthair an Údaráis, lena n-áirítear tuairisc airgeadais ar an mbliain go dtí seo, agus tabharfaidh sé freagra ar cheisteanna ó Chomhaltaí.	<i>An tÚdarás</i>
Gach mí, freastalóidh an Príomhfheidhmeannach ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus beidh sé ar fáil chun freagra a thabhairt ar cheisteanna ó Chomhaltaí faoi ghné ar bith de fhreagrachtaí reachtúla, de Ráiteas Straitéise agus de Phleananna Bliantúla Gnó an Údaráis.	<i>An tÚdarás</i>
Freastalóidh Comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin ar chruinnithe de chuid Coistí agus tabharfaidh siad tacaíocht don Choiste lena mbaineann ach faisnéis, tuairiscí agus an t-eolas is deireanaí a ullmhú agus obair an Choiste a dhéanamh mar a threoraítear.	<i>An tÚdarás</i>
Tiocfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile dhá uair sa mhí nó chomh minic agus is gá. Taifeadfar i ndoiciméad na	<i>An Príomhfheidhmeannach</i>

Nós Imeachta / Tionscnamh	Cuntasacht do:
gníomhartha a eascraíonn as na cruinnithe sin agus pléifear iad ag an gcéad chruinniú eile.	
Buailfidh na baill foirne go léir lena maoirseoir díreach gach mí chun obair leanúnach a phlé agus teacht ar chomhaontú faoi thosaíochtaí don mhí dár gcionn. Taifeadfar i ndoiciméad na gníomhartha a eascraíonn as na cruinnithe sin agus pléifear iad ag an gcéad chruinniú eile.	An <i>Príomhfheidhmeannach</i>
Coinneoidh an Ceann Cúrsaí Dlí agus Rialachais loga rollach ar ghníomhartha arna gcomhaontú ag cruinnithe de chuid an Údaráis agus de chuid Coistí agus déanfar athbhreithniú ar staid an loga sin ag gach cruinniú de chuid na Foirne Ardbhainistíochta.	An <i>Príomhfheidhmeannach</i>
Tá liosta de Cheanglais Reachtúla ábhartha nó de Dhualgais Bhunaithe Chomhlíonta leagtha amach in Aguisín 2. Déanfaidh an Ceann Cúrsaí Dlí agus Rialachais athbhreithniú ar an liosta sin gach ráithe agus déanfar tuairisc ar an dul chun cinn atáthar ag déanamh ar chur chun feidhme na gceanglas a chur i láthair ag cruinniú de chuid na Foirne Ardbhainistíochta. Forbróidh an Coiste Feidhmiúcháin creat comhlíonta chun tacú le gach ceann de na dualgais sin.	An <i>Príomhfheidhmeannach</i>

5. Socruithe Iniúchóireachta, Dearbhaithe agus Comhlíonta

5.1. *Ról na Rannóige um Sheirbhísí Corparáideacha*

Airgeadas

Tá an Rannóg um Sheirbhísí Corparáideacha freagrach as bainistiú a dhéanamh ar Vóta an Údaráis arna fhorghéas ag an Oireachtas le haghaidh caiteachais agus ioncaim araon. Tá sí freagrach as an mbuiséad bliantúil a ullmhú bunaithe ar chistiú formheasta. Is é an Príomhfheidhmeannach a mholann an buiséad bliantúil lena fhorghéas ag an Údarás.

Déantar faireachán dlúth ar bhuiséid agus tugtar tuairiscí míosúla don Fhoireann Ardbhainistíochta agus don Údarás. Tá an Rannóg um Sheirbhísí Corparáideacha freagrach as an gCuntas Leithreasa Bliantúil a ullmhú lena shíniú ag an Oifigeach Cuntasaíochta.

Déanann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Cirt agus Comhionannais soláthar do Chóras Bainistíochta Airgeadais agus próiseálann sé raon seirbhísí airgeadais thar ceann an Údaráis, lena n-áirítear tuarastal, sonraisc agus taisteal agus cothú a íoc. Cuireadh comhaontú seirbhíse i bhfeidhm chun an obair sin a bhainistiú.

Soláthar

Aithníonn an tÚdarás na dualgais atá air cloí le beartais náisiúnta agus le beartais AE, agus luach ar airgead á sholáthar ag an am céanna. Feidhmíonn an eagraíocht, dá bhrí sin, de réir an bheartais agus na rialacha atá leagtha amach sna Treoirínte maidir le Soláthar Poiblí ón Roinn Airgeadais, rud atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais. Leis na Treoirínte, rialaítear an ghníomhaíocht soláthair ar fad agus cinntítear go gcomhlíontar na cuspóirí agus na heochairphrionsabail um iomaíocht, um chomhionannas déileála agus um thrédhearcacht a bhuntacaíonn le rialacha náisiúnta agus le rialacha AE. Nuair is iomchuí, baintear úsáid as na seirbhísí a chuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais ar fáil agus as na creataí soláthair atá i bhfeidhm.

Tá an Rannóg um Sheirbhísí Corparáideacha freagrach as soláthar. Mar sin féin, glacann gach ball den Fhoireann Ardbhainistíochta príomhpháirt i bhfeasacht a chur chun cinn ina rannóg féin ar na dualgais atá orainn ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE. Cinntíonn baill den Fhoireann Ardbhainistíochta go n-iarrtar iarrataí ar earraí agus ar sheirbhísí go tráthúil chun comhlíonadh nósanna imeachta a éascú gan moill a chur ar oibríochtaí.

5.2. *An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Mar atá leagtha amach thuas, cuireadh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis ar bun agus tá a théarmaí tagartha ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ríthábhachtach maidir lena chinntiú go bhfeidhmíonn an tÚdarás de réir dea-chaighdeáin rialachais, chuntasaíochta agus iniúchóireachta agus glacann sé socruithe cuí rialaithe inmheánaigh, iniúchóireachta agus bainistíocht riosca. Soláthraíonn an Coiste dearbhú don Údarás agus don Oifigeach

Cuntasaíochta i dtaca lena ról agus lena bhfreagrachtaí faoi seach maidir le tuairisciú airgeadais, le córais rialaithe inmheánaigh, le bainistíocht riosca agus le comhlíonadh dlíthe, rialachán agus cóid chleachtais. Beidh an Coiste i gceannas ar Bheartas Bainistíocht Riosca agus ar Chreat Bainistíocht Riosca a fhorbairt lena bhformheas ag an Údarás. Is éard a bheidh i gcuid dá ról ná faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an creat sin. Dáilfear na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúcháireachta mar aon le tuarascálacha ábhartha ar gach comhalta den Údarás agus tabharfaidh an Coiste tuairisc don Údarás agus don Phríomhfheidhmeannach ar bhonn bliantúil ar a laghad. Leagfar forbhreathnú ar obair an Choiste amach i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis.

5.3. *Iniúcháireacht Sheachtrach*

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúcháir seachtrach an Údaráis. Buailfidh sé leis an gCoiste Iniúcháireachta go díreach de réir mar is gá agus uair amháin sa bhliain ar a laghad.

5.4. *Iniúcháireacht Inmheánach*

Tá an tÚdarás róbheag le húdar a thabhairt le foireann a sholáthar d'aonad lánaimseartha iniúcháireachta inmheánaí. Mar sin féin, oibreoidh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i gcomhar leis an lucht bainistíochta agus beidh sé i gceannas ar an bpróiseas um sheirbhís iniúcháireachta inmheánaí a chur i bhfeidhm.

6. Eintitis a bhfuil caidreamh díreach ag an Údarás leo

6.1. *An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais*

Comhlacht neamhspleách reachtúil is ea an tÚdarás Póilíneachta.¹¹

De bharr roinnt d'fheidhmeanna an Údaráis Phóilíneachta a leagtar amach san Acht, ceanglaítear ar an Údarás dul i ndáil chomhairle leis an Aire nó leis an Rialtas ar ábhair éagsúla nó comhairle a chur air ina leith nó eolas a thabhairt dó fúthu. Laistigh den chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go n-oibríonn an tÚdarás agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ('an Roinn') chun dea-chaidreamh oibre lena chéile a chinntiú.

Comhaontaíodh "Creat Rialachais - Comhaontú Caidrimh agus Tacaíochta" leis an Roinn. Déantar cur síos sa chomhaontú sin ar na príomhróil agus ar na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir an tÚdarás ar thaobh amháin agus an Roinn ar an taobh eile. Leagtar amach ann freisin na príomhthacaí a chuirfidh an Roinn ar fáil don Údarás agus an chuntasacht chomhfhreagrach atá ag an Údarás don Aire.

Tá an tÚdarás neamhspleách go hiomlán agus a fheidhmeanna reachtúla á bhfeidhmiú aige agus tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire mar chomhlacht a fhaigheann cistiú poiblí. Tá liosta de na dualgais éagsúla tuairiscithe atá ar an Údarás Póilíneachta leagtha amach in Aguisín 4.

6.2. *Caidreamh tábhachtach eile*


Leis an bpríomh-athchóiriú san earnáil dlí agus cirt a bhaineann le hÚdarás Póilíneachta neamhspleách a chruthú, beartaítear córas cuntasachta agus maoirseachta póilíneachta i dtaca leis an nGarda Síochána ina gcuimsítear róil éagsúla atá idircheangailte agus idirspleách. Go háirithe, beidh ar an Údarás caidreamh díreach a fhorbairt leis na comhlachtaí seo:

- An Garda Síochána;
- Cigireacht an Gharda Síochána;
- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána;
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; agus
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.


Cé gur ar chaidreamh rialachais an Údaráis atá an díriú sa doiciméad seo, bainfidh ríthábhacht le caidreamh an Údaráis le gníomhaithe éagsúla eile sa timpeallacht seo maidir lena rathúla a bheidh sé ó thaobh oibriúcháin de.

¹¹ Foráiltear le hAlt 62A(7): "Faoi réir an Achta seo, beidh an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna"

Aguisín 1 – Cairt Eagrúcháin



Aguisín 2 – Creat Dearbhaithe



Aguisín 3 – Liosta de na príomhdhualgais reachtúla nó chomhlíonta

1. Acht an Gharda Síochána 2005
2. Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí
3. Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí agus an Cód Caiteachais Phoiblí
4. An reachtaíocht um Chosaint Sonraí
5. An reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise
6. Dualgais maidir le hEitic/Caighdeáin in Oifigí Poiblí
7. An tAcht um Chartlann Náisiúnta
8. An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 ¹²
9. An reachtaíocht um Theangacha Oifigiúla
10. An Dlí Fostaíochta agus forálacha reachtaíochta na Státseirbhíse maidir le hAcmhainní Daonna
11. An reachtaíocht um Míchumas
12. An reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteacht
13. An reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas
14. An reachtaíocht um Brústocaireacht a Rialáil

Nóta - Forbróidh an Coiste Feidhmiúcháin creat comhlíonta freisin chun comhlíonadh gach cinn de na dualgais sin a chur ar aghaidh agus a chinntiú.

¹² Ba cheart do Ghníomhaireachtaí Rialtais cloí leis an reachtaíocht maidir le cánacha agus dleachtanna agus ba cheart dóibh a chinntiú go n-íoctar na dliteanas ar fad a eascraíonn as an reachtaíocht sin ar na dátaí dlite ábhartha ar a dhéanaí.

Aguisín 4 – Tuairisciú seachtrach agus cuntasacht sheachtrach

Foráil dhlíthiúil nó Gníomh	Ag tuairisciú do:
Coinneoidh an tÚdarás an tAire ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le cuntasacht an Rialtais do Thithe an Oireachtais ¹³	<i>An tAire</i>
Cuirfidh an tÚdarás faisnéis agus comhairle ar fáil don Aire maidir le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta ¹⁴ .	<i>An tAire</i>
Coinneoidh an tÚdarás an tAire ar an eolas faoi fhorbairtí i dtaca le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus déanfaidh sé moltaí chun cabhrú leis an Aire beartas ina leith a chomhordú agus a fhorbairt ¹⁵ .	<i>An tAire</i>
Sa chás go bhfeidhmíonn an tÚdarás a chumhacht chun iarraidh ar Chigireacht an Gharda Síochána cigireacht nó fiosrúchán a dhéanamh ar ábhar póilíneachta ar bith, tabharfaidh sé eolas don Aire faoin iarraidh atá déanta aige agus cuirfidh sé cóip den tuarascáil ghaolmhar ar fáil don Aire a luaithe is indéanta ¹⁶ .	<i>An tAire</i>
Féadfaidh baill den phobal freastal, agus go dtabharfar cead do na meáin chumarsáide taifeadadh agus craoladh a dhéanamh, ar líon nach lú ná ceithre chruinniú de chuid an Údaráis le Coimisinéir an Gharda Síochána gach bliain ¹⁷ .	<i>An Pobal</i>
Tá ar an Údarás ráiteas straitéise a tháirgeadh gach trí bliana agus é a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagfar amach sa ráiteas sin a phríomhchuspóirí, a phríomh-aschuir agus a phríomhshraitéisí gaolmhara, lena n-áirítear an úsáid is tairbhiúla agus is éifeachtúla is féidir a bhaint as a chuid acmhainní. Tar éis é a fháil, leagfaidh an tAire cóip den ráiteas os comhair an dá Theach den Oireachtas a luaithe is indéanta ¹⁸ .	<i>An tAire, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i>
Tá ar an Údarás Tuarascáil Bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí a thabhairt don Aire tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana lena mbaineann an tuarascáil. Is é an Coiste Feidhmiúcháin a fhorbróidh an Tuarascáil Bhliantúil agus is é an tÚdarás a fhorghéasfaidh í. Tar éis é a fháil, leagfaidh an tAire cóip den ráiteas os comhair an dá Theach den Oireachtas a luaithe is indéanta ¹⁹ .	<i>An tAire, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i>

¹³ 62 H (1) (h) den Acht

¹⁴ 62 H (1) (i) den Acht

¹⁵ 62 H (2) (e) den Acht

¹⁶ Alt 117 den Acht

¹⁷ 62 J den Acht

¹⁸ 62N den Acht

¹⁹ 62O den Acht

Foráil dhlíthiúil nó Gníomh	Ag tuairisciú do:
<p>Tá ar an Údarás, laistigh de 2 bhliain óna bhunú (i.e. faoin 1 Eanáir 2018), tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar a éifeachtacht agus ar leorgacht na bhfeidhmeanna a shanntar dó faoin reachtaíocht. Áireofar le tuarascáil den sórt sin aon mholtaí ar mian leis an Údarás iad a dhéanamh chun críche a éifeachtacht a fheabhsú. Iarrfaidh an tAire go leagfar an tuarascáil sin os comhair Thithe an Oireachtais¹⁹.</p>	<p><i>An tAire, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i></p>
<p>Ag deireadh gach tréimhse 5 bliana dar tosach lá bunaithe an Údaráis, cuirfidh an tÚdarás tuarascáil faoi bhráid an Aire ina ndéanfar athbhreithniú ar chomhlíonadh ginearálta a fheidhmeanna sna 5 bliana roimhe sin. Tar éis é a fháil, leagfaidh an tAire cóip den ráiteas os comhair an dá Theach den Oireachtas a luaithe is indéanta¹⁹.</p>	<p><i>An tAire, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i></p>
<p>Féadfaidh an tÚdarás aon tuarascálacha eile is cuí leis a dhéanamh chun críche aird an Aire a tharraingt ar ábhair a thugann sé faoi deara agus ba cheart, ina thuairim, a bheith ina n-ábhar do thuarascáil speisialta don Aire mar gheall ar a thromchúisí atá siad nó mar gheall ar chúinsí eisceachtúla eile. Tar éis é a fháil, leagfaidh an tAire cóip den ráiteas os comhair an dá Theach den Oireachtas a luaithe is indéanta¹⁹.</p>	<p><i>An tAire, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i></p>
<p>Féadfaidh an tAire iarraidh ar an Údarás tuarascáil ar ábhar ar bith a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a ullmhú agus í a chur faoina bhráid agus cloífidh an tÚdarás leis an iarraidh a luaithe is indéanta tar éis í a fháil. Tar éis é a fháil, leagfaidh an tAire cóip den ráiteas os comhair an dá Theach den Oireachtas a luaithe is indéanta¹⁹.</p>	<p><i>An tAire, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i></p>
<p>Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta²⁰ i dtaca le cuntais leithreasa an Údaráis chun críocha Achtanna an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998, agus tá sé freagrach dá réir as barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis a chinntiú san úsáid a bhaineann sé as a chuid acmhainní agus as maoirseacht a dhéanamh ar na córais, ar na nósanna imeachta agus ar na cleachtais a mbaineann an tÚdarás úsáid astu agus éifeachtacht a chuid oibríochtaí á meas. Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá sé cuntasach don Choiste um Chuntais Phoiblí i leith rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart go léir i ngach Cuntas Leithreasa ar a bhfuil a shíniú.</p>	<p><i>An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i></p>
<p>Tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach cuntas do Choistí an Oireachtais ar riarachán ginearálta an Údaráis²¹.</p>	<p><i>An tOireachtas agus an Pobal</i></p>

²⁰ 62R den Acht

²¹ 63S den Acht

Foráil dhlíthiúil nó Gníomh	Ag tuairisciú do:
<p>Mar Oifigeach Cuntasaíochta, síneoidh an Príomhfheidhmeannach Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais ina ndeimhnítear go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choinneáil ag an eagraíocht.</p>	<p><i>An tOireachtas agus an Pobal</i></p>
<p>Déanfaidh an tÚdarás luach saothair agus speansais na gComhaltaí agus an Phríomhfheidhmeannaigh a fhoilsiú gach bliain.</p>	<p><i>An tAire, an Rialtas, an tOireachtas agus an Pobal</i></p>